An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

EUCO 27/24

CO EUR 21
PV/CO EUR 9

**MIONTUAIRISCÍ**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (27 Meitheamh 2024) |

Ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Deireadh Fómhair 2024, d'fhormheas an Chomhairle Eorpach miontuairiscí an chruinnithe a bhí aici an 27 Meitheamh 2024, mar a leagtar amach iad sa doiciméad seo, agus chinn iad a chur ar fáil don phobal.

1. Seisiún tuairimíochta le hUachtarán na hÚcráine 3

2. Seisiún tuairimíochta le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa 3

3. Glacadh an chláir oibre 3

4. An Úcráin 3

5. An Meánoirthear 3

6. Slándáil agus cosaint 3

7. Iomaíochas 4

8. Ábhair eile 4

9. An chéad timthriall institiúideach eile 4

10. Treochlár don obair a dhéanfar amach anseo maidir le hathchóirithe inmheánacha 5

11. Glacadh na gconclúidí 5

12. Formheas mhiontuairiscí an chruinnithe den Chomhairle Eorpach a tionóladh an 17 agus an 18 Aibreán 2024 agus cinneadh iad a chur ar fáil don phobal 5

1. **Seisiún tuairimíochta le hUachtarán na hÚcráine**

Bhí seisiún tuairimíochta neamhfhoirmiúil ag an gComhairle Eorpach le hUachtarán na hÚcráine, Volodymyr ZELENSKYY.

2. **Seisiún tuairimíochta le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa**

D'éist an Chomhairle Eorpach le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa.

3. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle Eorpach a clár oibre mar a leagtar amach in EUCO 16/24 é.

4. **An Úcráin**

Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil rún daingean ag an Aontas Eorpach leanúint de thacaíocht pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus dá muintir a fhad agus a mhéad is gá.

Mheas an Chomhairle Eorpach gur cheart síneadh 6 mhí go dtí an 31 Eanáir 2025 a chur leis na bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine.

5. **An Meánoirthear**

Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí sa Mheánoirthear.

6. **Slándáil agus cosaint**

Á mheabhrú di na conclúidí uaithi ó mhí an Mhárta 2024, phléigh an Chomhairle Eorpach riachtanais chosanta phráinneacha láithreacha mheántéarmacha agus tionscnaimh Eorpacha chosanta agus reáchtáil sí an chéad phlé maidir le roghanna chun cistiú a shlógadh do chosaint na hEorpa.

## 7. Iomaíochas

Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le tionscnaimh chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú, a athléimneacht eacnamaíoch a dhaingniú agus acmhainneacht iomlán an Mhargaidh Aonair a bhaint amach, agus d'iarr sí go ndéanfaí dul chun cinn gasta cinntitheach ar gach snáithe den chomhaontú nua maidir le hiomaíochas na hEorpa faoi dheireadh na bliana. Coinneoidh sí súil ghéar ar an ábhar sin.

## 8. Ábhair eile

Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an méid a leanas:

- an imirce;
- an Mhuir Dhubh;
- Poblacht na Moldóive;
- an tSeoirsia;
- bagairtí hibrideacha; agus
- comhrac an fhrithsheimíteachais, an chiníochais agus na seineafóibe.

## 9. An chéad timthriall institiúideach eile

Ghlac an Chomhairle Eorpach an Cinneadh lena dtoghtar António COSTA mar Uachtarán ar an gComhairle Eorpach don tréimhse ón 1 Nollaig 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2027 (EUCO 20/24), agus comhalta na hIodáile ag vótáil ina choinne. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar Ardrúnaí na Comhairle cuidiú le hUachtarán tofa na Comhairle Eorpaí san idirthréimhse.

Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an Cinneadh ó Chinn Stáit nó Rialtais na bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a bhfuil an euro mar airgeadra acu António COSTA a cheapadh ina Uachtarán ar an gCruinniú Mullaigh Euro don tréimhse ón 1 Nollaig 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2027 (10769/24), agus comhalta na hIodáile ag vótáil ina choinne.

Ghlac an Chomhairle Eorpach an Cinneadh lena ndéantar Ursula VON DER LEYEN a mholadh do Pharlaimint na hEorpa mar iarrthóir le haghaidh Uachtaránacht an Choimisiúin Eorpaigh. (EUCO 21/24), agus comhalta na hUngáire ag vótáil ina choinne agus comhalta na hIodáile ag staonadh ón vótáil.

Dúirt an Chomhairle Eorpach go measann sí gurb í Kaja KALLAS an t-iarrthóir iomchuí le haghaidh Ardionadaíocht an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, faoi réir comhaontú ó Uachtarán toghaí an Choimisiúin, agus chuir comhalta na hIodáile in iúl go raibh sé ar intinn aici vótáil i gcoinne an chinnidh agus chuir comhalta na hUngáire in iúl go raibh sé ar intinn aige staonadh ón vótáil.

Ghlac an Chomhairle Eorpach an Clár Oibre Straitéiseach nua don Aontas 2024-2029.

**10. Treochlár don obair a dhéanfar amach anseo maidir le hathchóirithe inmheánacha**

Ghlac an Chomhairle Eorpach treochlár don obair a dhéanfar amach anseo maidir le hathchóirithe inmheánacha.

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn i mí an Mheithimh 2025 agus tabharfaidh sí tuilleadh treoraíochta de réir mar is gá.

**11. Glacadh na gconclúidí**

Ghlac an Chomhairle Eorpach na conclúidí, ina léirítear toradh a cuid plé, mar a leagtar amach in EUCO 15/24 iad.

**12. Formheas mhiontuairiscí an chruinnithe den Chomhairle Eorpach a tionóladh an 17 agus an 18 Aibreán 2024, agus cinneadh iad a chur ar fáil don phobal**

D’fhormheas an Chomhairle Eorpach miontuairiscí an chruinnithe a tionóladh an 17 agus an 18 Aibreán 2024, mar a leagtar amach in EUCO 14/24 iad, agus chinn sí iad a chur ar fáil don phobal.